



## An Phríomh-Oifig Staidrimh Central Statistics Office

### Preas Ráiteas Press Statement

Suirbhé Ráithiúil Náisiúnta ar Theaghlaigh, Ráithe 4 2013

#### LÁNCHOSC: Ná scaoiltear roimh 11rn, 27 Feabhra 2014

##### Achoimre ar thorthaí ceannlíne

Príomhthorthaí	Ráithe 4 2013	Athrú bliantúil
Fostaithe	1,909,800	+ 61,000
Dífhostaithe	253,200	- 41,400
Sa Lucht Saothair	2,163,100	+ 19,600
Níl sa Lucht Saothair	1,434,300	- 18,700

##### Líon na nDaoine i bhFostaíocht

- Bhí méadú bliantúil i bhfostaíocht arbh ionann é agus 3.3% nó 61,000 sa bhliain chuig an gceathrú ráithe de 2013, ag tabhairt an líon iomlán i bhfostaíocht go 1,909,800.
- Ar bhonn choigeartú séasúrach, tháinig méadú 14,600 (+0.8%) ar fhostaíocht sa ráithe. Leanann sé seo ar aghaidh ó mhéadú coigeartaithe séasúraigh de chuid 20,800 (+1.1%) i bhfostaíocht i R3 2013.

##### Líon na nDaoine Dífhostaithe

- Tháinig laghdú ar an ráta dífhostaíochta coigeartaithe go séasúrach ó 12.7% go 12.1% i gcaitheamh na ráithe.
- Laghdaigh dífhostaíocht faoi 41,400 (-14.1%) sa bhliain go R4 2013, ag tabhairt líon iomlán na ndaoine dífhostaithe go 253,200.
- Tháinig laghdú ar an ráta dífhostaíochta fadtéarmaí ó 8.2% go 7.2% i gcaitheamh na bliana go R4 2013. Ba í dífhostaíocht fhadtéarmach ba chúis le 61.4% den dífhostaíocht iomlán i R4 2013 i gcomparáid le 59.9% bliain roimhe sin agus 62.5% sa gceathrú ráithe den bhliain 2011.

##### Lucht Saothair

- Bhí an líon iomlán daoine sa lucht saothair sa gceathrú ráithe den bhliain 2013 cothrom le 2,163,100, arb ionann sin agus méadú de chuid 19,600 (+0.9%) i gcaitheamh na bliana. B'ionann an líon daoine nach raibh sa lucht saothair i R4 2013 agus 1,434,300, laghdú de chuid 18,700 (-1.3%) i gcaitheamh na bliana.

Tuilleadh/...



An Phríomh-Oifig Staidrimh  
Bóthar na Sceiche Airde  
Corcaigh  
Éire

Oifig i mBaile Átha Cliath  
+353 1 498 4000

Central Statistics Office  
Skehard Road  
Cork  
Ireland

Dublin Office  
+353 1 498 4000



LoCall 1890 313 414 (ROI)  
0870 876 0256 (UK/NI)  
+353 21 453 5000  
+353 21 453 5555  
information@cs0.ie  
www.cs0.ie



Le haghaidh a thuilleadh faisnéise dean teagmháil le  
Brian Ring ag 021-453 5747 nó Martina O'Callaghan ag 021-453 5491  
Facs 021 453 5492  
R-phost [labour@cs0.ie](mailto:labour@cs0.ie)

*An Phríomh-Oifig Staidrimh*

*27ú Feabhra 2014*

**– CRÍOCH –**